# DUILLEOG


**Nuachtlitir Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair**

Uimh. 36

Nollaig 2015


### Teacht Chriost

Do ghlanas mo chroí anocht
Amhail mhnaoi do ghlanfadh a teach
Roimh theacht dá leannán dá fios:
A leannáin, ná téirigh thart!

Do leathas doras mo chroí
Amhail fhear do-dhéanadh fleadh
Ar theacht i gcéin dá mhac:
A Mhic, is álainn do theacht!

Pádraig Mac Piarais



## Guímid Nollaig Mhaith Daoibh Uilig










Grúpa ó thogra Tobar a thug cuairt ar an Chrannóg agus Grotto Dhaidí na Nollag Dé Máirt 15ú Nollaig agus bhain siad sult mór as an turas. Rinne foireann na Crannóige seic a bhronnadh orthu thar cheann an Chomharchumainn ó theacht isteach Scléip na Nollag sa Chrannóg.

# Scór na nÓg 2015



Comhghairdeas leis an bhailéid grúpa ón Chrannóg a bhain an chéad áit i gcraobh na contae le Seán Dunnion, Cathaoirleach agus Conál Ó Domhnaill, Oifigeach Gaeilge Bhord na Contae.
Gráinne Ní Ghallchóir, Caoimhe Ní Fhearraigh, Ailbhe Ní Ghallchóir, Aoibheann O'Dea, Clodagh Ní Ghallcóir



Comhghairdeas leis na haisteoirí ó dhrámaíocht na Crannóige faoi chúram Eoghan Mac Giolla Bhrighde & Suzanne Uí Ghallchóir a bhain chéad áit i gcraobh na contae.
Aoife Ní Fhearraigh, Étaín Haicéid, Gráinne Ní Ghallchóir, Clíonadh Nic Suibhne , Máire Nic Gairbheith, Liam Ó Cnáimhsí, Clíona Ní Ghallchóir

# Scléip na Nollag sa Chrannóg



Cór Scoil Mhuire Doire Beaga



Seán, Toby agus a gcairde



Cór Bhrídín Ní Bhraonáin ón Chrannóg



An Lucht féachana



An Crann Óg



Donal ag cuidiú le Daidí na Nollag



Ag baint sult as an Scléip






## Glór na nGael
## Gaoth Dobhair

Tá ainmniúchán faighte ag an Chomharchumann sa Rannóg Gaeltachta le cúnamh fostaíochta do Ghradaim Ghlór na nGael 2015.

Rinneadh an mholtóireacht anseo ar an 28 Samhain.

Fuair an Comharchumann an chéad áit sa Ghaeltacht i gcomórtas 2014.



Bernie, Fionnuala agus Ronán le Daidí na Nollag



Cúntóirí Dhaidí na Nollag, Michelle, Teresa agus Emma

Comharchumann Forbartha
Ghaoth Dobhair Teo

# Scoil Cheoil na Crannóige

## Cór na nÓg

Rang ar siúl sa Chrannóg gach Dé Luain ón 7-8.i.n.

€15 do shraith 5 rang

Ag toiseacht arís i ndiaidh na Nollag

Teil: 074 95 32208 cfgd@eircom.net

### Cór Thaobh a' Leithid



Tá Cór Thaobh a' Leithid arais ag cleachtú sa Chrannóg. Tá Doimnic Mac Giolla Bhríde ina stiúrthóir ar Chór Thaobh a' Leithid, i nGaoth Dobhair, a bhunaigh sé í 2002.

Thaisteal an Cór chuig féilte ar fud na tíre, go hAlbain, An Bhreatain Bheag agus An Fhrainc agus chur siad amach an dlúthdhiosca, Siansaí, i 2007, cnuasach d'amhráin Ultacha.

Tá os cionn 313,000 duine i ndiaidh amharc ar an fhís atá ar youtube den amhrán 'Teangaidh na nGael'.

Maith Sibh, Comhghairdeas!